AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.9.2017
COM(2017) 548 final

ANNEXES 1 to 5

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid**

**(athmhúnlú)**

{SWD(2017) 317 final}
{SWD(2017) 318 final}

**IARSCRÍBHINNÍ**

---

▼1371/2007/CE Iarscríbhinn I (oiriúnaithe)

IARSCRÍBHINN I

**Sliocht as na rialacha comhionanna maidir leis an gConradh le haghaidh Iompair Idirnáisiúnta Paisinéirí agus Bagáiste d'i~~I~~arnród (~~civ~~ ⌦ CIV ⌫ )**

Foscríbhinn A

**a~~A~~ ghabhann le Coinbhinsiún an 9 Bealtaine 1980 maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) arna mhodhnú le Prótacal an 3 Meitheamh 1999 lena modhnaítear an Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród**

TEIDEAL II

**AN CONRADH IOMPAIR A THABHAIRT I GCRÍCH AGUS A FHEIDHMIÚ**

*Airteagal 6*

**Conradh iompair**

1. Leis an gconradh iompair, gabhfaidh an t-iompróir air féin an paisinéir a iompar chomh maith le bagáiste agus feithiclí, i gcás inarb iomchuí, chuig an gceann scríbe agus an bagáiste agus na feithiclí a sheachadadh ag an gceann scríbe.

2. Ní mór an conradh iompair a dhaingniú le ticéad amháin nó le níos mó ~~a eiseofar chuig an bpaisinéir~~ ⌦ a thabharfar don phaisinéir ⌫. Ar a shon sin, faoi réir Airteagal 9, ní dhéanfaidh easpa, mírialtacht ná cailleadh~~teanas~~ ticéid difear do ~~mharthain~~ ⌦ bheithsine ⌫ ná do bhailíocht an chonartha ~~a fhanfaidh~~ ⌦ agus leanfaidh an conradh de bheith ⌫ faoi réir na Rialacha Comhionanna seo.

3. Beidh an ticéad ina fhianaise prima facie ar thabhairt i gcrích an chonartha iompair agus ar a bhfuil ann.

*Airteagal 7*

**An ticéad**

1. Cinnfidh na Coinníollacha Ginearálta Iompair foirm na dticéad agus a mbeidh orthu chomh maith leis an teanga agus leis na carachtair ina ndéanfar iad a chló agus a dhéanamh amach.

2. Caithfear na nithe seo a leanas, ar a laghad, a chur isteach ar an ticéad:

(a) an t-iompróir nó na hiompróirí;

(b) ráiteas go bhfuil an t-iompar faoi réir na Rialacha Comhionanna seo, d'ainneoin aon chlása~~i~~l dá mhalairt; féadfar é seo a chur in iúl leis an acrainm CIV;

(c) aon ráiteas eile is gá chun tabhairt i gcrích an chonartha agus a bhfuil ann a chruthú agus chun a chur ar chumas an phaisinéara na cearta a dhearbhú a thagann as an gconradh sin.

3. Caithfidh an paisinéir a áirithiú, ~~ar an ticéad a fháil~~ ⌦ ar fháil an ticéid dó ⌫, go ndearnadh amach i gcomhréir lena threoracha é.

4. Beidh an ticéad inaistrithe mura ndearnadh amach in ainm an phaisinéara é agus murar cuireadh tús leis an turas.

5. Féadfar an ticéad a bhunú i bhfoirm chlárú sonraí leictreonacha, a fhéadfar a thrasfhoirmiú ina siombail inléite scríofa. Caithfidh an nós imeachta a úsáidtear chun sonraí a chlárú agus a chóireáil a bheith coibhéiseach ó thaobh feidhme de, go háirithe a mhéid a bhaineann le luach fianaiseach an ticéid a léiríonn na sonraí sin.

*Airteagal 8*

**An muirear ar iompar a íoc agus a aisíoc**

1. Faoi réir aon chomhaontaithe dá mhalairt idir an paisinéir agus an t-iompróir, beidh an muirear ar iompar iníoctha roimh ré.

2. Cinnfear leis na Coinníollacha Ginearálta Iompair na coinníollacha faoina ndéanfar an muirear ar iompar a aisíoc.

*Airteagal 9*

**An ceart chun iompair. Eisiamh ó iompar**

1. Caithfidh an paisinéir, ó thús an turais, ticéad bailí a bheith ina sheilbh agus é a thabhairt ar aird tráth iniúchta ticéad. Féadfar foráil ~~don mhéid~~ ⌦ a dhéanamh maidir leis an méid ⌫ seo a leanas leis na Coinníollacha Ginearálta Iompair:

(a) nach ⌦ mór ⌫ ~~foláir~~ do phaisinéir nach dtabharfaidh ticéad bailí ar aird formhuirear a íoc, i dteannta an mhuirir ar iompar;

(b) go gceanglófar ar an bp~~h~~aisinéir a dhiúltóidh~~aíonn~~ an muirear ar iompar nó an formhuirear a íoc nuair a iarrf~~t~~ar ~~é~~ sin scor dá thuras;

(c) má tá an formhuirear le haisíoc agus na coinníollacha faoina mbeidh sé le haisíoc.

2. Maidir le paisinéirí a dhéanann na nithe seo a leanas:

(a) sábháilteacht agus dea-oibriú na n-oibríochtaí nó sábháilteacht na bpaisinéirí eile a chur i mbaol,

(b) ⌦ ciotaí ⌫ ~~ceataí~~ a dhéanamh do phaisinéirí ar mhodh do-ghlactha,

féadfar a fhoráil leis na Coinníollacha Ginearálta Iompair go ndéanfar iad a eisiamh ó iompar nó go gceanglófar orthu scor dá dturas agus nach mbeidh na daoine sin i dteideal aisíocaíochta ar a muirear ar iompar ná ar mhuirear ar bith ar iompar bagáiste chláraithe a d'fhéadfadh a bheith íoctha acu.

*Airteagal 10*

**Foirmiúlachtaí riaracháin a chomhlíonadh**

Caithfidh an paisinéir na foirmiúlachtaí a cheanglaíonn údaráis chustaim nó údaráis eile riaracháin air a chomhlíonadh.

*Airteagal 11*

**Traenacha a bheith curtha ar ceal agus ag rith mall. Naisc a chailleadh~~tear~~**

Caithfidh an t-iompróir, i gcás inar gá, a dheimhniú ar an ticéad gur cuireadh an traein ar ceal nó gur cailleadh an nasc.

TEIDEAL III

**IOMPAR BAGÁISTE LÁIMHE, AINMHITHE, BAGÁISTE CHLÁRAITHE AGUS FEITHICLÍ**

**Caibidil I**

**Forálacha c~~C~~omhchoiteanna**

*Airteagal 12*

**Earraí agus ainmhithe inghlactha**

1. Féadfaidh an paisinéir earraí a thabhairt leis is furasta a láimhsiú (bagáiste láimhe) agus ainmhithe beo freisin, i gcomhréir leis na Coinníollacha Ginearálta Iompair. Ina theannta sin, féadfaidh an paisinéir earraí liopasta a thabhairt leis i gcomhréir leis na forálacha speisialta atá sna Coinníollacha Ginearálta Iompair. Ní cheadófar mar bhagáiste láimhe earraí nó ainmnithe ar dóigh dóibh paisinéirí a chrá nó ar dóigh dóibh a bheith ina gcúis damáiste.

2. Féadfaidh an paisinéir earraí agus ainmhithe a choinsíniú mar bhagáiste cláraithe i gcomhréir leis na Coinníollacha Ginearálta Iompair.

3. Féadfaidh an t-iompróir iompar feithiclí a cheadú tráth paisinéirí a iompar i gcomhréir le forálacha speisialta atá sna Coinníollacha Ginearálta Iompair.

4. Caithfidh iompar earraí contúirteacha mar bhagáiste láimhe, mar bhagáiste cláraithe agus iompar na n-earraí sin i bhfeithiclí nó ar fheithiclí, a dhéantar d'iarnród i gcomhréir leis an Teideal seo, an Rialachán maidir le hIompar Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID) a chomhlíonadh.

*Airteagal 13*

**Scrúdú**

1. Nuair a bheidh amhras ann, agus cúis mhaith leis, gur mainníodh na coinníollacha iompair a chomhlíonadh, beidh sé de cheart ag an iompróir a scrúdú, an bhfuil na hearraí (bagáiste láimhe, bagáiste cláraithe, feithiclí lena n-áirítear a luchtú) agus na hainmhithe ⌦ atáthar a iompar ⌫ ~~a iompraítear~~, ag comhlíonadh na gcoinníollacha iompair, mura gcoisctear scrúdú den sórt sin le dlíthe agus le saintreoracha an Stáit ina ndéanfaí é. Caithfear a iarraidh ar an bpaisinéir ⌦ bheith i láthair ag ⌫ ~~freastal ar~~ an scrúdú. Mura ~~láithreoidh sé~~ ⌦ dtiocfaidh sé i láthair ⌫ nó mura féidir dul i dteagmháil leis, caithfidh an t-iompróir a cheangal go mbeidh beirt fhinnéithe neamhspleácha i láthair.

2. Má shuitear nár urramaíodh na coinníollacha iompair, féadfaidh an t-iompróir a cheangal ar an bpaisinéir na costais a thiocfaidh as an scrúdú a íoc.

*Airteagal 14*

**Foirmiúlachtaí riaracháin a chomhlíonadh**

Caithfidh an paisinéir na foirmiúlachtaí ~~a chomhlíonadh~~ a cheanglaíonn na húdaráis chustaim nó údaráis eile riaracháin a chomhlíonadh nuair a bheidh earraí (bagáiste láimhe, bagáiste cláraithe, feithiclí lena n-áirítear a luchtú) nó ainmhithe á n-iompar aige agus é á iompar. Beidh sé i láthair ag iniúchadh na n-earraí seo ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt le dlíthe agus le saintreoracha gach Stáit.

**Caibidil II**

**Bagáiste Láimhe agus Ainmhithe**

*Airteagal 15*

**Maoirsiú**

Beidh sé de fhreagracht ar an bpaisinéir maoirsiú a dhéanamh ar an mbagáiste láimhe agus ar na hainmhithe a thabharfaidh sé leis.

## Caibidil III

## Bagáiste Cláraithe

*Airteagal 16*

**Bagáiste cláraithe a choinsíniú**

1. Caithfear na hoibleagáidí conarthacha a bhaineann le bagáiste cláraithe ~~a eiseofar chuig an bpaisinéir~~ a chur ar aghaidh a shuíomh le dearbhán cláraithe bagáiste ⌦ a thabharfar don phaisinéir ⌫.

2. Faoi réir Airteagal 22, ní dhéanfaidh easpa, mírialtacht ná cailleadh~~teanas~~ an dearbháin chláraithe bagáiste difear do ~~mharthain~~ ⌦ bheithsine ⌫ ná do bhailíocht na gcomhaontuithe maidir leis an mbagáiste cláraithe a chur ar aghaidh, ~~a fhanfaidh~~ ⌦ agus leanfaidh an conradh de bheith ⌫ faoi réir na Rialacha Comhionanna seo.

3. Beidh an dearbhán cláraithe bagáiste ina fhianaise prima facie ar chlárú an bhagáiste agus ar choinníollacha a iompair.

4. Faoi réir a mhalairt d'fhianaise, toimhdeofar gur dealraitheach go raibh bail mhaith ar an mbagáiste cláraithe nuair a thóg an t-iompróir idir lámha é, agus go raibh líon agus mais na ~~n-earraí~~ ⌦ mball ⌫ bagáiste ar comhréir leis na hiontrálacha ar an dearbhán cláraithe bagáiste.

*Airteagal 17*

**An dearbhán cláraithe bagáiste**

1. Cinnfidh na Coinníollacha Ginearálta Iompair foirm an dearbháin chláraithe bagáiste agus a mbeidh air chomh maith leis an teanga agus leis na carachtair ina ndéanfar é a chló agus a dhéanamh amach. Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 7(5).

2. Caithfear na nithe seo a leanas, ar a laghad, a chur isteach ar an dearbhán cláraithe bagáiste:

(a) an t-iompróir nó na hiompróirí;

(b) ráiteas go bhfuil an t-iompar faoi réir na Rialacha Comhionanna seo, d'ainneoin aon chlásail dá mhalairt; féadfar é seo a chur in iúl leis an acrainm CIV;

(c) aon ráiteas eile is gá chun na hoibleagáidí conarthacha a bhaineann leis an mbagáiste cláraithe a chur ar aghaidh a chruthú agus chun a chur ar chumas an phaisinéara na cearta a dhearbhú a thagann as an gconradh iompair.

3. Caithfidh an paisinéir a áirithiú, ~~ar an dearbhán cláraithe bagáiste a fháil~~ ⌦ ar fháil an dearbháin chláraithe dó ⌫, go ndearnadh amach i gcomhréir lena threoracha é.

*Airteagal 18*

**Clárú agus iompar**

1. Mura bhforáiltear a mhalairt leis na Coinníollacha Ginearálta Iompair, ní dhéanfar bagáiste a chlárú go dtí go dtabharfar ticéad ar aird a bheidh bailí go dtí ceann scríbe an bhagáiste ar a laghad. Ar gach bealach eile, déanfar an bagáiste a chlárú i gcomhréir leis na saintreoracha a bheidh i bhfeidhm in áit an choinsínithe.

2. Nuair a fhorálfar leis na Coinníollacha Ginearálta Iompair go bhféadfar an bagáiste a ghlacadh chun iompair gan ticéad a thabhairt ar aird, beidh feidhm mutatis mutandis ag na Rialacha Comhionanna seo lena gcinntear cearta agus oibleagáidí an phaisinéara i ndáil lena bhagáiste cláraithe maidir le coinsíneoir bagáiste chláraithe.

3. Féadfaidh an t-iompróir an bagáiste cláraithe a chur ar aghaidh ar thraein eile nó ar mhodh eile iompair agus ar chonair nach ionann agus an chonair a ~~chuaigh~~ ⌦ rachaidh ⌫ an paisinéir.

*Airteagal 19*

**Muirir d'iompar an bhagáiste chláraithe a íoc**

Faoi réir aon chomhaontaithe dá mhalairt idir an paisinéir agus an t-iompróir, beidh an muirear ar iompar bagáiste chláraithe iníoctha ar é a chlárú.

*Airteagal 20*

**Bagáiste cláraithe a mharcáil**

Ní mór don phaisinéir a shonrú ar gach ~~ítim~~ ⌦ ball ⌫ bagáiste in áit a bheidh le feiceáil go soiléir agus ar mhodh a bheidh sách buan agus sách inléite:

(a) a ainm agus a sheoladh;

(b) an ceann scríbe.

*Airteagal 21*

**An ceart chun bagáiste cláraithe a dhiúscairt**

1. Má cheadaítear leis na cúinsí agus mura sáraítear amhlaidh ~~ceanglais ná riachtanais~~ ⌦ ceanglais chustaim ná ceanglais údarás riaracháin eile ⌫, féadfaidh an paisinéir a iarraidh go ndéanfar bagáiste a thabhairt ar ais ar láimh ag áit an choinsínithe ar thabhairt suas an dearbháin chláraithe bagáiste agus, má cheanglaítear amhlaidh leis na Coinníollacha Ginearálta Iompair déanamh amhlaidh, ar thabhairt ar aird an ticéid.

2. Féadfaidh forálacha eile a bhaineann leis an gceart chun bagáiste cláraithe a dhiúscairt a bheith sna Coinníollacha Ginearálta Iompair, go háirithe modhnuithe ar an gceann scríbe agus na hiarmhairtí airgeadais a d'fhéadfaí a bheith le hiompar ag an bpaisinéir.

*Airteagal 22*

**Seachadadh**

1. Déanfar bagáiste cláraithe a sheachadadh ar an dearbhán cláraithe bagáiste a thabhairt suas agus, i gcás inarb iomchuí, ar na méideanna is inmhuirearaithe in aghaidh na coinsíneachta a íoc.

Beidh an t-iompróir i dteideal a scrúdú an bhfuil sealbhóir an dearbháin i dteideal glacadh le seachadadh, ach ní bheidh sé d'oibleagáid air é sin a scrúdú.

2. Beidh na nithe seo a leanas coibhéiseach le seachadadh do shealbhóir an dearbháin chláraithe bagáiste, más rud é, i gcomhréir leis na saintreoracha a bheidh i bhfeidhm ag an gceann scríbe:

(a) gur tugadh an bagáiste ar láimh do na húdaráis chustaim nó octroi ag a n-áitreabh nó ag a stórais, nuair nach mbeidh siad sin faoi réir mhaoirsiú an iompróra;

(b) gur tugadh ainmhithe beo ar láimh do thriú páirtithe.

3. Féadfaidh sealbhóir an dearbháin chláraithe bagáiste a cheangal go ndéanfar an bagáiste a sheachadadh ag an gceann scríbe a luaithe a bheidh an t-am caite a comhaontaíodh agus, i gcás inarb iomchuí, a luaithe a bheidh an t-am caite is gá do na hoibríochtaí a dhéanfaidh na húdaráis chustaim nó ~~riaracháin~~ ⌦ údaráis riaracháin eile ⌫.

4. Má mhainnítear an dearbhán cláraithe bagáiste a thabhairt suas, ní bheidh sé d'oibleagáid ar an iompróir an bagáiste a sheachadadh ach chuig an duine a chruthóidh a cheart chuige; más dealraitheach nach bhfuil an cruthúnas a thairgtear leordhóthanach, féadfaidh an t-iompróir a cheangal go dtabharfar urrús.

5. Déanfar bagáiste a sheachadadh ag an gceann scríbe ar dó a cláraíodh é.

6. Féadfaidh sealbhóir dearbháin chláraithe bagáiste nach ndearnadh a bhagáiste a sheachadadh a ~~cheangal~~ ⌦ éileamh ⌫ go ndéanfar an lá agus an t-am a d'iarr sé an seachadadh a fhormhuiniú ar an dearbhán i gcomhréir le mír 3.

7. Féadfaidh an duine atá ina theideal a dhiúltú an bagáiste a ghlacadh mura gcomhlíonfaidh an t-iompróir an iarraidh uaidh scrúdú a dhéanamh ar an mbagáiste cláraithe d'fhonn damáiste a líomhnaítear a shuíomh.

8. Ar gach bealach eile, déanfar an bagáiste a sheachadadh i gcomhréir leis na saintreoracha a bheidh i bhfeidhm ag an gceann scríbe.

## Caibidil IV

## Feithiclí

*Airteagal 23*

**Coinníollacha iompair**

Sonrófar go sonrach sna forálacha speisialta maidir le hiompar feithiclí atá sna Coinníollacha Ginearálta Iompair, na coinníollacha lena rialaítear glacadh chun iompair, clárú, luchtú agus iompair, díluchtú agus seachadadh, chomh maith le hoibleagáidí an phaisinéara.

*Airteagal 24*

**Dearbhán iompair**

1. Caithfear na hoibleagáidí conarthacha a bhaineann le feithiclí a iompar a bhunú le dearbhán cláraithe ~~a eiseofar chuig an bpaisinéir~~ ⌦ a thabharfar don phaisinéir ⌫. Féadfar an dearbhán iompair a lánpháirtiú i dticéad an phaisinéara.

2. Cinnfidh na coinníollacha ginearálta lena rialaítear iompar feithiclí, atá sna Coinníollacha Ginearálta Iompair, foirm an dearbhháin iompair agus a mbeidh air chomh maith leis an teanga agus leis na carachtair ina ndéanfar é a chló agus a dhéanamh amach. Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 7(5).

3. Caithfear na nithe seo a leanas, ar a laghad, a chur isteach ar an dearbhán iompair:

(a) an t-iompróir nó na hiompróirí;

(b) ráiteas go bhfuil an t-iompar faoi réir na Rialacha Comhionanna seo, d'ainneoin aon chlásail dá mhalairt; féadfar é seo a chur in iúl leis an acrainm CIV;

(c) aon ráiteas eile is gá chun na hoibleagáidí conarthacha a bhaineann le feithiclí a iompar a chruthú agus chun a chur ar chumas an phaisinéara na cearta a dhearbhú a thagann as an gconradh iompair.

4. Caithfidh an paisinéir a áirithiú, ~~ar an dearbhán iompair a fháil~~ ⌦ ar fháil an dearbháin iompair dó ⌫, go ndearnadh amach i gcomhréir lena threoracha é.

*Airteagal 25*

**An dlí is infheidhme**

Faoi réir fhorálacha na Caibidle seo, beidh feidhm maidir le feithiclí ag forálacha Chaibidil III a bhaineann le bagáiste a iompar.

TEIDEAL IV

# DLITEANAS AN IOMPRÓRA

## Caibidil I

## Dliteanas i gcás Báis Phaisinéirí nó Díobhála Pearsanta do Phaisinéirí Báis Phaisinéirí nó Díobhála Pearsanta do Phaisinéirí ⌦ bás paisinéirí nó díobháil phearsanta do phaisinéirí ⌫

*Airteagal 26*

**Bonn an dliteanais**

1. Is é an t-iompróir a bheidh faoi dhliteanas i leith caillteanais nó damáiste as eascróidh as bás paisinéara nó as díobháil phearsanta nó aon díobháil eile choirp nó intinne do phaisinéir, arb é is cúis leis tionóisc a eascraíonn ⌦ d'eascair ⌫ as oibriú an iarnróid agus a tharla le linn don phaisinéir a bheith i bhfeithiclí iarnróid, nó ag dul isteach orthu nó ag tuirlingt díobh, is cuma cén bonneagar iarnróid a úsáidtear.

2. Saorfar an t-iompróir ón dliteanas sin:

(a) más é ba chúis leis an tionóisc imthosca nach raibh baint acu le hoibriú an iarnróid agus nárbh fhéidir leis an iompróir a sheachaint agus nárbh fhéidir leis a n-iarmhairtí a chosc, d’ainneoin go ndearna sé an cúram ba ghá in imthosca sonracha an cháis;

(b) a mhéid gur ar an bpaisinéir atá an locht gur tharla an tionóisc;

(c) más é ba chúis leis an tionóisc iompar ⌦ iompraíocht ⌫ tríú páirtí nárbh fhéidir leis an iompróir a sheachaint agus nárbh fhéidir leis a hiarmhairtí a chosc, d'ainneoin go ndearna sé an cúram ba ghá in imthosca sonracha an cháis; ní mheasfar gur tríú páirtí é gnóthas eile a mbeidh an bonneagar céanna iarnróid á úsáid aige; ní dhéanfar difear don cheart cúláraigh.

3. Más é iompar ⌦ iompraíocht ⌫ tríú páirtí is cúis leis an tionóisc, agus d'ainneoin sin, nach ndéantar an t-iompróir a shaoradh go hiomlán óna dhliteanas i gcomhréir le mír 2(c), beidh dliteanas iomlán air suas go dtí na teorainneacha a leagtar síos sna Rialacha Comhionanna seo ach gan dochar d'aon cheart cúláraigh a d'fhéadfadh an t-iompróir a bheith aige ⌦ a bheith ag an iompróir ⌫ in aghaidh an tríú páirtí.

4. Ní dhéanfaidh na Rialacha Comhionanna seo difear d'aon dliteanas a d'fhéadfadh an t-iompróir a thabhú i gcásanna nach bhforáiltear dóibh ⌦ maidir leo ⌫ i mír 1.

5. Más iompróirí comhleanúnacha ⌦ leantacha ⌫ a dhéanann iompar atá faoi rialú aon chonartha amháin, beidh an t-iompróir atá faoi cheangal, de bhun an chonartha iompair, seirbhís iompair a sholáthar ar lena linn a tharla an tionóisc, beidh sé faoi dhliteanas i gcás báis phaisinéirí bás paisinéirí, agus i gcás díobhálacha pearsanta do phaisinéirí. I gcás nach é an t-iompróir a sholáthair an tseirbhís seo, ach iompróir ionadach, beidh an dá iompróir faoi

dhliteanas go comhpháirteach agus go leithleach i gcomhréir leis na Rialacha Comhionanna seo.

*Airteagal 27*

**Damáistí i gcás báis**

1. I gcás bhás an phaisinéara, is éard a bheidh sna damáistí:

(a) aon chostais is gá tar éis an bháis, go háirithe costais a bhaineann le hiompar an choirp agus costais sochraide;

(b) mura dtarlóidh~~aíonn~~ an bás láithreach, na damáistí dá bhforáiltear in Airteagal 28.

2. Más rud é, de bharr bhás an phaisinéara, go mbaintear a ⌦ dtacaíocht ⌫ ~~gcothú~~ de dhaoine a raibh nó a mbeadh sé de dhualgas dlíthiúil air iad a chothabháil, déanfar an caillteanas sin a chúiteamh leis na daoine sin. Is faoi rialú an dlí náisiúnta a bheidh cearta caingne le haghaidh damáistí ag daoine a bhí á ⌦ gcothabháil ⌫ ~~gcothú~~ ag an bpaisinéir cé nach raibh ceangal dlíthiúil air amhlaidh a dhéanamh.

*Airteagal 28*

**Damáistí i gcás ~~díobhála pearsanta~~ díobháil phearsanta**

I gcás ~~díobhála pearsanta~~ díobháil phearsanta nó aon díobhála eile coirp nó intinne don phaisinéir, is éard a bheidh sna damáistí:

(a) aon chostais is gá, go háirithe costais chóireála agus iompair;

(b) cúiteamh ~~as caillteanas~~ ar chaillteanas airgeadais de bharr ⌦ éagumas, iomlán nó páirteach, obair a dhéanamh ⌫ ~~éagumais iomláin nó éagumais pháirtigh chun oibre~~ nó de bharr ⌦ méadú ar riachtanais ⌫ ~~riachtanas méadaithe~~.

*Airteagal 29*

**Cúiteamh ~~as díobháil~~ ar dhíobháil eile choirp**

Cinnfear le dlí náisiúnta an gcaithfidh an t-iompróir damáistí a íoc i leith ~~díobhála coirp~~ díobháil choirp seachas díobháil choirp dá bhforáiltear in Airteagal 27 agus in Airteagal 28 agus a mhéid a chaithfidh sé damáistí a íoc.

*Airteagal 30*

**Foirm agus méid na ndamáistí i gcás báis nó ~~díobhála pearsanta~~ díobháil phearsanta**

1. Caithfear na damáistí faoi Airteagal 27(2) agus faoi Airteagal 28(b) a dhámhachtain i bhfoirm cnapshuime. Ar a shon sin, má cheadaítear ~~le~~ sa dlí náisiúnta blianacht a íoc, déanfar

na damáistí a dhámhachtain san fhoirm sin má iarrann an paisinéir díobhálaithe nó na daoine atá ina dteideal dá dtagraítear in Airteagal 27(2) amhlaidh.

2. Déanfar méid na ndamáistí atá le dámhachtain de bhun mhír 1 a chinneadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Chun críocha na Rialacha Comhionanna seo, áfach, socrófar an uasteorainn in aghaidh an phaisinéara ag 175 000 aonad cuntais mar chnapshuim nó mar bhliantacht bhliantúil a fhreagróidh don tsuim sin, i gcás ina bhforálfar ~~leis an~~ sa dlí náisiúnta d'uasteorainn is ísle ná an méid sin.

*Airteagal 31*

**Modhanna eile iompair**

1. Faoi réir mhír 2, ní bheidh feidhm ag na forálacha a bhaineann le dliteanas an iompróra i gcás báis phaisinéirí, nó i gcás ~~díobhála pearsanta~~ díobháil phearsanta dóibh, maidir le caillteanas nó damáiste a ~~eascraíonn~~ ⌦ tharlóidh ⌫ le linn an iompair, nach iompar d'iarnród a bhí ann, i gcomhréir leis an gconradh iompair.

2. I gcás ina mbeidh feithiclí iarnróid á n-iompar ~~d'fharantóireacht~~ ⌦ de bhád farantóireachta ⌫, áfach, beidh feidhm ag na forálacha a bhaineann le dliteanas i gcás báis phaisinéirí nó ~~as~~ ⌦ i gcás ⌫ díobháil phearsanta do phaisinéirí, i leith caillteanais nó damáiste dá dtagraítear in Airteagal 26(1) agus Airteagal 33(1) arb é is cúis leis tionóisc a d'eascair as oibriú an iarnróid agus a tharla le linn don phaisinéir a bheith sna feithiclí sin, nó ag dul isteach orthu nó ag tuirlingt díobh.

3. Nuair a chuirfear oibriú an iarnróid ar fionraí go sealadach, de bharr imthosca eisceachtúla, agus go ndéanfar na paisinéirí a iompar de mhodh eile iompair, beidh dliteanas ar an iompróir de bhun na Rialacha Comhionanna seo.

**Caibidil II**

**Dliteanas i gcás ~~go Mainnítear Cloí leis an Amchlár~~ ⌦ nach gcloífear leis an amchlár ⌫**

*Airteagal 32*

**Dliteanas i gcás cealuithe, i gcás traenacha a bheith ag rith mall nó i gcás nasc a ~~chailltear~~ ⌦ chailleadh ⌫**

1. ~~Beidh an t-iompróir faoi dhliteanas don phaisinéir i leith caillteanais nó damáiste a eascraíonn de bharr nach bhféadfaí, de bhíthin cealaithe, tracin a bheith ag rith mall nó nasc a chailltear, leanúint lena thuras an lá céanna sin, nó nach bhféadfaí go réasúnach a cheangal go leanfaí leis an turas de bharr imthosca áirithe.~~ ⌦ Beidh an t-iompróir faoi dhliteanas don phaisinéir i leith caillteanas nó damáiste arb é is cúis leis, mar gheall ar chealú, rith mall traenach nó cailleadh naisc, nach bhféadfaí leanúint de thuras an phaisinéara an lá céanna, nó nach bhféadfaí a éileamh go réasúnach sna himthosca go leanfaí den turas an lá céanna. ⌫ Is éard a bheidh sna damáistí costais réasúnacha cóiríochta chomh maith leis na costais

réasúnacha ~~a tháinig~~ ~~ar tháinig ann dóibh~~ toisc go raibh gá fógra a thabhairt do dhaoine a bhí ag súil leis an bpaisinéir.

2. Saorfar an t-iompróir ón dliteanas sin i gcás ina mbeidh an cealú, an rith mall nó nasc caillte inchurtha i leith ceann de na cúiseanna seo a leanas:

(a) imthosca nach raibh baint acu le hoibriú an iarnróid agus nárbh fhéidir leis an iompróir a sheachaint agus nárbh fhéidir leis a n-iarmhairtí a chosc, d'ainneoin go ndearna sé an cúram ba ghá in imthosca sonracha an cháis,

(b) locht ar an bpaisinéir; nó

(c) ~~iompar~~ ⌦ iompraíocht ⌫ tríú páirtí nárbh fhéidir leis an iompróir a sheachaint agus nárbh fhéidir leis a hiarmhairtí a chosc, d'ainneoin go ndearna sé an cúram ba ghá in imthosca sonracha an cháis; ní mheasfar gur tríú páirtí é gnóthas eile a mbeidh an bonneagar céanna iarnróid á úsáid aige; ní dhéanfar difear don cheart cúláraigh.

3. Cinnfear leis an ~~le~~ dlí náisiúnta an gcaithfidh an t-iompróir damáistí a íoc i leith díobháil choirp ~~díobhála coirp~~ seachas díobháil choirp dá ndéantar foráil i mír 1 agus a mhéid a chaithfidh sé damáistí a íoc. Ní dhéanfaidh an fhoráil sin dochar d'Airteagal 44.

**Caibidil III**

**Dliteanas i leith Bagáiste Láimhe, Ainmhithe, Bagáiste Chláraithe agus Feithiclí**

**ROINN 1**

**Bagáiste l~~L~~áimhe agus a~~A~~inmhithe**

*Airteagal 33*

**Dliteanas**

1. I gcás bá~~i~~s p~~h~~aisinéirí nó díobháil phearsanta ~~díobhála pearsanta~~ dóibh, beidh an t-iompróir faoi dhliteanas freisin i leith caillteana~~i~~s iomlá~~i~~n nó páirt~~-~~chaillteana~~i~~s earraí a bhí ag an bpaisinéir nó a bhí leis ~~nó léi~~ mar bhagáiste láimhe nó i leith damáiste do na hearraí sin; beidh feidhm ag an méid seo freisin maidir le hainmhithe a thug an paisinéir leis ~~nó léi~~. Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 26.

2. Thairis sin, ní bheidh an gnóthas iarnróid faoi dhliteanas i leith caillteana~~i~~s iomlá~~i~~n nó páirt~~-~~chaillteana~~i~~s earraí nó ainmhithe a raibh an paisinéir freagrach as a maoirseacht i gcomhréir le hAirteagal 15, ná i leith damáiste dóibh, murab é locht an iompróra ba chúis leis an gcaillteanas nó leis an damáiste sin. Ní bheidh feidhm ag na hAirteagail eile de Theideal IV, ach amháin Airteagal 51, ná ag Teideal VI maidir leis an gcás sin.

*Airteagal 34*

**Teorainn le damáistí i gcás caillteana~~i~~s earraí nó damáiste dóibh**

Nuair a bheidh an t-iompróir faoi dhliteanas faoi Airteagal 33(1), caithfidh sé cúiteamh a íoc go feadh theorainn 1 400 aonad cuntais in aghaidh an phaisinéara.

*Airteagal 35*

**Eisiamh dliteanais**

Ní bheidh an t-iompróir faoi dhliteanas don phaisinéir i leith caillteana~~i~~s nó damáiste a ~~eascraíonn as mainneachtain~~ ⌦ tharlóidh de dheasca mhainneachtain ⌫ an phaisinéara na foirmiúlachtaí a cheanglaíonn na húdaráis custaim nó údaráis riaracháin eile a chomhall.

**ROINN 2**

**Bagáiste c~~C~~láraithe**

*Airteagal 36*

**Bonn an dliteanais**

1. Is é an t-iompróir a bheidh faoi dhliteanas i leith caillteana~~i~~s nó damáiste ~~a eascraíonn as~~ ⌦ arb é is cúis leis ⌫ caillteanas iomlán nó páirt~~-~~chaillteanas bagáiste chláraithe idir an t-am a dtógfaidh an t-iompróir an bagáiste idir lámha agus am an tseachadta, agus as moill ar sheachadadh.

2. Saorfar an t-iompróir ón dliteanas sin a mhéid ba chúis leis an gcaillteanas, leis an damáiste nó leis an moill ar an seachadadh ~~moillithe~~ locht an phaisinéara, ordú a thug an paisinéir ~~seachas de thoradh locht an iompróra~~ ⌦ nár thoradh ar locht an iompróra é ⌫, fabht b~~h~~unúsach sa bhagáiste cláraithe nó imthosca nárbh fhéidir leis an iompróir a sheachaint agus nárbh fhéidir leis a n-iarmhairtí a chosc.

3. Saorfar an t-iompróir, áfach, ón dliteanas sin a mhéid a d'eascair an caillteanas nó an damáiste as ~~priacal faoi leith~~ ⌦ na rioscaí speisialta ⌫ ~~atá ann go bunúsach in imthoise~~ ⌦ a bhaineann le ceann ⌫ amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas:

(a) easpa pacála nó ~~neamhdhóthanacht na pacála~~ ⌦ pacáil neamhleor ⌫;

(b) cineál speisialta an bhagáiste;

(c) coinsíniú earraí mar bhagáiste nach bhfuil inghlactha don iompar.

*Airteagal 37*

**An dualgas cruthúnais**

1. Is ar an iompróir a bheidh an dualgas a chruthú gur ceann de na cúiseanna a shonraítear in Airteagal 36(2) ba chúis leis an gcaillteanas, leis an damáiste nó leis an moill ~~seachadta~~ ⌦ ar an seachadadh ⌫.

2. Má shuíonn an t-iompróir, ag féachaint d'imthosca cáis áirithe, go bhféadfadh an caillteanas nó an damáiste eascairt as ~~priacal~~ ⌦ riosca ⌫ amháin nó níos mó de na ~~priacail~~ ⌦ rioscaí ⌫ speisialta dá dtagraítear in Airteagal 36(3), toimhdeofar gur as ~~priacal~~ ⌦ riosca ⌫ den sórt sin a d'eascair sé. Beidh de cheart ag an duine a mbeidh teidlíocht aige a chruthú, áfach, nach raibh an caillteanas n~~á~~ó an damáiste inchurtha go hiomlán nó go páirteach i leith ceann de na ~~priacail~~ ⌦ rioscaí ⌫ sin.

*Airteagal 38*

**Iompróirí comhleanúnacha**

Más ~~líon iompróirí comhleanúnacha~~ ⌦ roinnt iompróirí leantacha ⌫ a dhéanann iompar atá faoi rialú aon chonartha amháin, tiocfaidh gach iompróir, de bhíthin an bagáiste i dteannta an dearbháin chláraithe bagáiste nó an fheithicil i dteannta an dearbháin iompair a thógáil idir lámha, chun bheith ina pháirtí sa chonradh iompair maidir leis an mbagáiste a chur ar aghaidh nó na feithiclí a iompar, i gcomhréir le téarmaí an dearbháin chláraithe bagáiste nó an dearbháin iompair agus glacfaidh sé air féin na hoibleagáidí a eascraíonn as sin. I gcás den sórt sin beidh gach iompróir freagrach as an iompar thar an mbealach ar fad go dtí an seachadadh.

*Airteagal 39*

**Iompróir ionadach**

1. I gcás inar chuir an t-iompróir comhlíonadh an chúraim iompair, go hiomlán nó go páirteach, de chúram ar iompróir ionadach, bíodh nó ná bíodh sé de bhun cirt faoin gconradh iompair chun é sin a dhéanamh, leanfaidh an t-iompróir de bheith faoi dhliteanas i leith an iompair iomláin.

2. Forálacha uile na Rialacha Comhionanna seo lena rialaítear dliteanas an iompróra, beidh feidhm acu freisin ar dhliteanas an iompróra ionadaigh i leith an iompair arna dhéanamh aige. Beidh feidhm ag Airteagal 48 agus ag Airteagal 52 má thionscnaítear caingean in aghaidh na seirbhíseach nó aon duine eile ar bhain an t-iompróir ionadach úsáid as a sheirbhísí chun an t-iompar a dhéanamh.

3. Aon chomhaontú speisialta faoina nglacann an t-iompróir oibleagáidí air nach bhforchuirtear leis na Rialacha Comhionanna seo nó faoina dtarscaoileann sé cearta arna dtabhairt leis na Rialacha Comhionanna seo, ní bheidh aon éifeacht aige i leith an iompróra ionadaigh mura mbeidh glactha aige leis an gcomhaontú sin go sainráite agus i scríbhinn. Cibé acu ar ghlac nó nár ghlac an t-iompróir ionadach leis, leanfaidh an t-iompróir fós de

bheith faoi cheangal aon oibleagáidí nó aon tarscaoiltí a thig ó chomhaontú speisialta den sórt sin.

4. I gcás ina mbeidh agus a mhéid a bheidh an t-iompróir agus an t-iompróir ionadach araon faoi dhliteanas, beidh a ndliteanas ina dhliteanas comhpháirteach agus leithleach.

5. Méid comhiomlán an chúitimh a bheidh le híoc ag an iompróir, ag an iompróir ionadach agus ag a seirbhísigh agus aon daoine eile a mbaineann siad úsáid as a seirbhísí chun an t-iompar a dhéanamh, ní rachaidh sé thar na teorainneacha dá bhforáiltear sna Rialacha Comhionanna seo.

6. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo dochar do chearta cúláraigh a d'fhéadfadh a bheith ann idir an t-iompróir agus an t-iompróir ionadach.

*Airteagal 40*

**Toimhde an chaillteanais**

1. Féadfaidh an duine a mbeidh teidlíocht aige, gan é a bheith de cheangal air tuilleadh cruthúnais a thabhairt, a mheas go bhfuil ~~mír~~ ⌦ ball ⌫ bagáiste caillte nuair nach ndearnadh ~~í~~ é a sheachadadh n~~á~~ó a chur ar fáil dó laistigh de cheithre lá dhéag ón lá a rinneadh iarraidh ar sheachadadh i gcomhréir le hAirteagal 22(3).

2. Má aisghabhtar ~~mír~~ ⌦ ball ⌫ bagáiste a measadh a bheith caillte laistigh de bhliain ón iarraidh ar sheachadadh, caithfidh an t-iompróir fógra a thabhairt don duine a mbeidh teidlíocht aige más eol a sheoladh nó más féidir é a fháil amach ~~fhionnadh~~.

3. Laistigh de thríocha lá ón bhfógra dá dtagraítear i mír 2 a fháil, féadfaidh an duine a mbeidh teidlíocht aige a éileamh go ndéanfaí an ~~mhír~~ ⌦ ball ⌫ bagáiste a sheachadadh dó. Sa chás sin, caithfidh sé na muirir a íoc i leith iompar ~~na míre~~ ⌦ an bhaill bagáiste sin ⌫ ón áit a choinsínithe go dtí an áit ina ndéan~~t~~far ~~í~~ é a sheachadadh agus an cúiteamh a fuarthas a aisíoc lúide, más iomchuí, aon chostas a áiríodh ann. Ar a shon sin, coinneoidh sé a chearta, dá bhforáiltear in Airteagal 43, chun cúiteamh ~~a éileamh as moill ar sheachadadh~~ ar mhoill ar sheachadadh a éileamh.

4. Mura ndéanf~~t~~ar ~~mír~~ ⌦ ball ⌫ bagáiste a aisghabhadh a éileamh laistigh den tréimhse a shonraítear i mír 3 nó má aisghabhtar ~~í~~ é níos mó ná bliain tar éis na hiarrata ar sheachadadh í, déanfaidh an t-iompróir ~~í~~ é a dhiúscairt i gcomhréir leis na dlíthe agus na saintreoracha atá i bhfeidhm san áit ina bhfuil an ~~mhír~~ ⌦ ball ⌫ bagáiste.

*Airteagal 41*

**Cúiteamh ~~as caillteanas~~ ar chaillteanas**

1. I gcás ina gcaillfear bagáiste cláraithe, ~~go hiomlán nó go páirteach~~ ina iomláine nó i bpáirt, caithfidh an t-iompróir ~~a íoc mar a leanas~~ íoc as, d'eisiamh gach damáiste eile:

(a) má chruthaítear méid an chaillteanais nó an damáiste a rinneadh, cúiteamh is ionann leis

an méid sin ach nach mó ná 80 aonad cuntais in aghaidh gach cileagraim ollmhaise atá in easnamh nó 1 200 aonad cuntais in aghaidh gach ~~míre~~ ⌦ baill ⌫ bagáiste;

(b) mura suitear méid an chaillteanais nó an damáiste a rinneadh, damáistí leachtaithe 20 aonad cuntais in aghaidh gach cileagraim ollmhaise atá in easnamh nó 300 aonad cuntais in aghaidh gach ~~míre~~ ⌦ baill ⌫ bagáiste.

Cinnfidh na Coinníollacha Ginearálta Iompair modh an chúitimh, cibé acu in aghaidh gach cileagraim atá in easnamh nó in aghaidh gach ~~míre~~ ⌦ baill ⌫ bagáiste.

2. Caithfidh an t-iompróir ina theannta sin an muirear ar iompar an bhagáiste agus na suimeanna eile a íocadh i ndáil le hiompar ~~na míre~~ ⌦ an bhaill bagáiste ⌫ caillte a aisíoc maille leis na dleachtanna custaim agus na dleachtanna máil a íocadh cheana.

*Airteagal 42*

Cúiteamh ~~as damáiste~~ ar dhamáiste

1. I gcás damáiste do bhagáiste cláraithe, caithfidh an t-iompróir cúiteamh is ionann le caillteanas luacha an bhagáiste a íoc, d’eisiamh gach damáiste eile.

2. Ní rachaidh an cúiteamh thar:

(a) an méid a bheadh iníoctha i gcás caillteana~~i~~s iomlá~~i~~n, má chaill an bagáiste go léir luach de dheasca damáiste;

(b) an méid a bheadh iníoctha dá gcaillfí an chuid sin, murar chaill ach cuid den bhagáiste luach de dheasca damáiste.

*Airteagal 43*

**Cúiteamh ~~as moill~~ ar mhoill ar sheachadadh**

1. I gcás moill~~e~~ ar sheachadadh bagáiste chláraithe, caithfidh an t-iompróir na méideanna seo a leanas a íoc as gach tréimhse iomlán de cheithre uair is fiche tar éis iarraidh an tseachadta~~adh~~ ~~a iarradh~~, ach faoi réir uastréimhse ceithre lá dhéag:

(a) má chruthaíonn an duine a mbeidh teidlíocht aige gur tharla caillteanas nó damáiste dá bharr sin, cúiteamh is ionann le méid an chaillteanais nó an damáiste suas le huasmhéid 0,80 aonad cuntais in aghaidh gach cileagraim ollmhaise den bhagáiste nó 14 aonad cuntais in aghaidh gach ~~míre~~ ⌦ baill ⌫ bagáiste a seachadadh go déanach;

(b) mura gcruthóidh~~aíonn~~ an duine a mbeidh teidlíocht aige gur tharla caillteanas nó damáiste dá bharr sin, damáistí leachtaithe 0,14 aonad cuntais in aghaidh gach cileagraim ollmhaise den bhagáiste nó 2,80 aonad cuntais in aghaidh gach ~~míre~~ ⌦ baill ⌫ bagáiste a seachadadh go déanach.

Cinnfear leis na Coinníollacha Ginearálta Iompair modhanna an chúitimh, cibé acu in aghaidh gach cileagraim atá in easnamh nó in aghaidh gach ~~míre~~ ⌦ baill ⌫ bagáiste.

2. I gcás chaillteanas iomlán an bhagáiste, ní bheidh an cúiteamh dá bhforáiltear i mír 1 iníoctha de bhreis ar an gcúiteamh dá bhforáiltear in Airteagal 41.

3. I gcás pháirt-chaillteanas an bhagáiste, beidh an cúiteamh dá bhforáiltear i mír 1 iníoctha in aghaidh an chuid ~~na coda~~ sin den bhagáiste nár cailleadh.

4. I gcás damáiste do bhagáiste nach~~ dtig~~ de thoradh moille ar sheachadadh ⌦ é ⌫, beidh an cúiteamh dá bhforáiltear i mír 1 iníoctha, i gcás inarb iomchuí, de bhreis ar an gcúiteamh dá bhforáiltear in Airteagal 42.

5. Ní rachaidh an cúiteamh iomlán dá bhforáiltear i mír 1, i dteannta an chúitimh is iníoctha faoi Airteagal 41 agus faoi Airteagal 42, ar aon chúinse thar an gcúiteamh a bheadh iníoctha i gcás chaillteanas iomlán an bhagáiste.

## ROINN 3

## Feithiclí

*Airteagal 44*

### Cúiteamh ~~as moill~~ ar mhoill

1. I gcás moille ar luchtú ar chúis is inchurtha i leith an iompróra nó moill ar sheachadadh feithicle, má chruthaíonn an duine a mbeidh teidlíocht aige gur tharla caillteanas nó damáiste dá bharr sin, caithfidh an t-iompróir cúiteamh a íoc nach rachaidh thar mhéid an mhuirir ar iompar.

2. I gcás moille ar luchtú ar chúis is inchurtha i leith an iompróra, má roghnaíonn an duine a mbeidh teidlíocht aige gan dul ar aghaidh leis an gconradh iompair, aisíocfar an muirear ar iompar leis. Ina theannta sin, má chruthaíonn sé gur tharla caillteanas nó damáiste de dheasca na moille, féadfaidh an duine a mbeidh teidlíocht aige cúiteamh a éileamh nach rachaidh thar mhéid an mhuirir ar iompar.

*Airteagal 45*

### Cúiteamh ~~as caillteanas~~ ar chaillteanas

I gcás caillteana~~i~~s iomlá~~i~~n nó páirt-chaillteana~~i~~s feithicle, déanfar an cúiteamh is iníoctha leis an duine a mbeidh teidlíocht aige a ríomh ar bhonn ghnáthluach na feithicle. Ní rachaidh sé thar 8 000 aonad cuntais. Measfar gur feithicil leithleach í leantóir luchtaithe nó leantóir díluchtaithe.

*Airteagal 46*

**Dliteanas i leith earraí eile**

1. Maidir le hearraí a fhágf~~t~~ar san fheithicil nó atá i mboscaí (e.g. boscaí bagáiste nó boscaí scíonna) atá daingnithe don fheithicil, ní bheidh an t-iompróir faoi dhliteanas ach i leith caillteana~~i~~s nó damáiste a tharlóidh~~aíonn~~ ~~ar air féin atá an locht gur tharla sé~~ ⌦ dá locht féin ⌫. Ní rachaidh an cúiteamh iomlán is iníoctha thar 1 400 aonad cuntais.

2. A mhéid a bhaineann le hearraí a stuáilf~~t~~ear ar an taobh amuigh den fheithicil, lena n-áirítear na boscaí dá dtagraítear i mír 1, ní bheidh an t-iompróir faoi dhliteanas i leith earraí atá ar an taobh amuigh den fheithicil ach amháin má chruthaítear gur tharla an caillteanas nó an damáiste de dheasca gníomh nó neamhghníomh a rinne an t-iompróir le hintinn caillteanas nó damáiste den sórt sin a dhéanamh, nó go meargánta agus le fios gur dócha go mbeadh caillteanas nó damáiste den sórt sin mar thoradh air.

*Airteagal 47*

**An dlí is infheidhme**

Faoi réir fhorálacha na Ranna seo, beidh feidhm maidir le feithiclí ag forálacha Roinn 2 a bhaineann le dliteanas i leith bagáiste.

**Caibidil IV**

**Forálacha c~~C~~omhchoiteanna**

*Airteagal 48*

**An ceart a chailleadh~~iúint~~ chun teorainneacha le dliteanas a agairt**

Ní bheidh feidhm ag na teorainneacha le dliteanas dá bhforáiltear sna Rialacha Comhionanna seo i dteannta na bhforálacha den dlí náisiúnta lena dteorannaítear an cúiteamh go méid socraithe, má chruthaítear gur tharla an caillteanas nó an damáiste de dheasca gníomh nó neamhghníomh a rinne an t-iompróir le hintinn caillteanas nó damáiste den sórt sin a dhéanamh, nó go meargánta agus le fios gur dócha go mbeadh caillteanas nó damáiste den sórt sin mar thoradh air.

*Airteagal 49*

**Comhshó agus ús**

1. I gcás inar gá suimeanna a shonraítear in airgeadra eachtrach a chomhshó chun an cúiteamh a ríomh, déanfar an comhshó ag an ráta malairte is infheidhme lá íoctha an chúitimh in áit íoctha an chúitimh.

2. Féadfaidh an duine a mbeidh teidlíocht aige ús ar an gcúiteamh a éileamh, a dhéanfar a ríomh ag cúig faoin gcéad in aghaidh na bliana, ó dháta an éilimh dá bhforáiltear in

Airteagal 55 nó, mura ndearnadh éileamh den sórt sin, ón lá a tionscnaíodh imeachtaí dlíthiúla.

3. I gcás cúiteaimh is iníoctha de bhun Airteagal 27 agus Airteagal 28, áfach, ní fhabhróidh ús ach ón lá a tharla na teagmhais is ábhartha chun méid an chúitimh a mheas, más déanaí an lá sin ná lá an éilimh nó an lá a tionscnaíodh imeachtaí dlíthiúla.

4. I gcás bagáiste, ní bheidh ús iníoctha ach amháin más mó an cúiteamh ná 16 aonad cuntais in aghaidh an dearbháin chláraithe bagáiste.

5. I gcás bagáiste, mura gcuirfidheann an duine a mbeidh teidlíocht aige na doiciméid tacaíochta is gá chun an t-éileamh a shocrú go críochnaitheach faoi bhráid an iompróra laistigh de thréimhse réasúnach arna deonú dó, ní fhabhróidh aon ús idir dul in éag na tréimhse sin agus taisceadh iarbhír na ndoiciméad.

*Airteagal 50*

**Dliteanas i gcás ~~taismí~~ ⌦ eachtraí ⌫núicléacha**

Saorfar an t-iompróir ó dhliteanas de bhun na Rialacha Comhionanna seo i leith caillteanais nó damáiste de dheasca ~~taisme núicléiche~~ ⌦ eachtra núicléach ⌫ nuair is oibreoir gléasra núicléach nó duine eile a ghabhann a ionad atá faoi dhliteanas i leith an chaillteanais nó an damáiste de bhun dlíthe agus saintreoracha Stáit lena rialaítear an dliteanas i réimse an fhuinnimh núicléach.

*Airteagal 51*

**Daoine a bhfuil an t-iompróir faoi dhliteanas thar a gceann**

Beidh an t-iompróir faoi dhliteanas thar ceann a sheirbhíseach agus daoine eile a mbaineann sé úsáid as a seirbhísí chun an t-iompar a dhéanamh, i gcás ina mbeidh na seirbhísigh sin agus na daoine eile sin ag gníomhú faoi raon a bhfeidhmeanna. Measfar gur daoine a mbaineann an t-iompróir úsáid as a seirbhísí chun an t-iompar a dhéanamh iad bainisteoirí an bhonneagair iarnróid ar a ndéantar an t-iompar.

*Airteagal 52*

**Caingne eile**

1. I ngach cás ina mbeidh feidhm ag na Rialacha Comhionanna seo, ní fhéadfar aon chaingean a thionscnamh ⌦ i gcoinne an iompróra ⌫ i ndáil le dliteanas, is cuma cad iad na forais, ach amháin faoi réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha a leagtar síos sna Rialacha Comhionanna seo.

2. Is amhlaidh a bheidh maidir le haon chaingean arna tabhairt in aghaidh na seirbhíseach nó na ndaoine eile a bhfuil an t-iompróir faoi dhliteanas thar a gceann de bhun Airteagal 51.

TEIDEAL V

## DLITEANAS AN PHAISINÉARA

*Airteagal 53*

**Prionsabail speisialta an dliteanais**

Beidh an paisinéir faoi dhliteanas don iompróir i leith aon chaillteanais nó damáiste:

(a) a leanfaidh as mainneachtain an phaisinéara a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh

1. de bhun Airteagal 10, Airteagal 14 agus Airteagal 20,
2. de bhun na bhforálacha speisialta maidir le hiompar feithiclí atá sna Coinníollacha Ginearálta Iompair, nó
3. de bhun an Rialacháin maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID), nó

(b) arb é ba chúis leis na hearraí agus na hainmhithe a thugann an paisinéir in éineacht leis,

mura gcruthóidhaíonn sé gurb é ba chúis leis an gcaillteanas nó an damáiste imthosca nárbh fhéidir leis a sheachaint agus nárbh fhéidir leis a n-iarmhairtí a chosc, cé gur fheidhmigh ⌦ léirigh ⌫ sé an dúthracht is gá do ⌦ a éilítear ar ⌫ phaisinéir coinsiasach. Ní dhéanfaidh an fhoráil seo aon difear do dhliteanas an iompróra de bhun Airteagal 26 agus Airteagal 33(1).

TEIDEAL VI

## DEARBHÚ NA gCEART

*Airteagal 54*

**Páirt-chaillteanas nó damáiste a fhionnadh**

1. I gcás ina bhfaighidh an t-iompróir amach nó i gcás ina dtoimhdeoidh an t-iompróir, nó i gcás ina líomhnóidh an duine, a mbeidh teidlíocht aige gur tharla páirt-chaillteanas earra a iompraítear arna iompar faoi chúram an iompróra (bagáiste, feithiclí), nó i gcás ina ndearnadh damáiste dó, caithfidh an t-iompróir tuarascáil a dhréachtú láithreach, i láthair an duine a mbeidh teidlíocht aige más féidir, lena sonrófar, de réir chineál an chaillteanais nó an damáiste, bail an earra agus, a mhéid is féidir, méid an chaillteanais nó an damáiste, an chúis a bhí leis agus an uair a tharla sé.

2. Caithfear cóip den tuarascáil a chur ar fáil saor in aisce don duine a mbeidh teidlíocht aige.

3. I gcás nach nglacfaidh an duine a mbeidh teidlíocht aige leis na conclúidí sa tuarascáil, féadfaidh sé a iarraidh go ndéanfadh saineolaí arna cheapadh ag na páirtithe sa chonradh iompair nó ag cúirt nó binse bail an bhagáiste nó na feithicle agus cúis agus méid an chaillteanais nó an damáiste a fhionnadh. Beidh an nós imeachta a bheidh le leanúint á rialú ag dlíthe agus saintreoracha an Stáit ina ndéantar an fionnadh sin.

*Airteagal 55*

**Éilimh**

1. Caithfear éilimh a bhaineann le dliteanas an iompróra i gcás ~~báis phaisinéirí~~ bás paisinéirí, nó i gcás ~~díobhála pearsanta~~ díobháil phearsanta dóibh, a dhíriú i scríbhinn chuig an iompróir ar féidir caingean a thabhairt ina choinne. I gcás iompair atá faoi rialú conartha aonair agus arna chur i gcrích ag iompróirí ~~comhleanúnacha~~ ⌦ leantacha ⌫, féadfar na héilimh a dhíriú freisin chuig an gcéad iompróir nó chuig an iompróir deireanach chomh maith leis an iompróir a bhfuil a phríomháit ghnó nó an brainse nó an ghníomhaireacht a thug an conradh iompair i gcrích sa Stát ina bhfuil sainchónaí nó gnáthchónaí ar an bpaisinéir.

2. Caithfear éilimh eile a bhaineann leis an gconradh iompair a dhíriú i scríbhinn chuig an iompróir a shonraítear in Airteagal 56(2) agus (3).

3. Tabharfar ar aird na doiciméid sin a measann an duine a mbeidh teidlíocht aige gur cuí iad a thaisceadh leis an éileamh, an leagan bunaidh nó cóipeanna díobh, i gcás inarb iomchuí, agus na cóipeanna arna ndeimhniú go cuí má éilíonn an t-iompróir amhlaidh. Nuair a shocrófar éileamh, féadfaidh an t-iompróir a cheangal go dtabharfar suas an ticéad, an dearbhán cláraithe bagáiste agus an dearbhán iompair.

*Airteagal 56*

**Iompróirí a bhféadfar caingean a thabhairt ina gcoinne**

1. Is in aghaidh an iompróra a bheidh faoi dhliteanas de bhun Airteagal 26(5) amháin a fhéadfar caingean a thabhairt a bheidh bunaithe ar dhliteanas an iompróra i gcás ~~báis phaisinéirí~~ bás paisinéirí, nó i gcás ~~díobhála pearsanta~~ díobháil phearsanta dóibh.

2. Faoi réir mhír 4, is in aghaidh an chéad iompróra, in aghaidh an iompróra dheireanaigh nó in aghaidh an iompróra a rinne an chuid sin den iompar ar lena linn a tharla an teagmhas ba chúis leis na himeachtaí, agus ina aghaidh sin amháin, a fhéadfar caingne eile arna dtabhairt ag paisinéirí a bheidh bunaithe ar an gconradh iompair a thabhairt.

3. I gcás iompair arna dhéanamh ag iompróirí ~~comhleanúnacha~~ ⌦ leantacha ⌫, nuair a ~~dhéanfar~~ ⌦ luafar, le toiliú uaidh, ⌫ an t-iompróir a chaithfidh an bagáiste nó an fheithicil a sheachadadh ~~a lua le toiliú uaidh~~ ar an dearbhán cláraithe bagáiste nó ar an dearbhán iompair, féadfar caingean a thabhairt ina choinne i gcomhréir le mír 2 fiú mura bhfuair sé an bagáiste nó an fheithicil.

4. Caingean chun suim a íocadh de bhun an chonartha iompair a ghnóthú, féadfar í a thabhairt in aghaidh an iompróra a bhailigh an tsuim sin nó in aghaidh an iompróra ar bailíodh thar a cheann í.

5. Féadfar caingean a thabhairt in aghaidh iompróra seachas na hiompróirí a shonraítear i mír 2 agus i mír 4 nuair a thionscnófar mar fhrithéileamh nó mar eisceacht í in imeachtaí a bhaineann leis an bpríomhéileamh a bheidh bunaithe ar an gconradh iompair céanna.

6. A mhéid a bheidh feidhm ag na Rialacha Comhionanna seo ar an iompróir ionadach, féadfar caingean a thabhairt ina choinne freisin.

7. Má bhíonn rogha ag an ngearánaí idir ~~líon~~ roinnt iompróirí, múchfar a cheart chun rogha a dhéanamh a luaithe a thabharfaidh sé caingean in aghaidh ~~duine~~ ceann díobh;

*Airteagal 58*

**Múchadh an chirt chun c~~h~~aingne i gcás báis nó ~~díobhála pearsanta~~ díobháil phearsanta**

1. Aon cheart chun caingne ag an duine a mbeidh teidlíocht aige a bheidh bunaithe ar dhliteanas an iompróra i gcás bá~~i~~s p~~h~~aisinéirí, nó i gcás ~~díobhála pearsanta~~ díobháil phearsanta dóibh, múchfar é i gcás nach dtabharfaidh an duine a mbeidh teidlíocht aige fógra faoin tionóisc a tharla don phaisinéir do dhuine de na hiompróirí a bhféadfar éileamh a dhíriú chuige i gcomhréir le hAirteagal 55(1), laistigh de dhá mhí dhéag ón dáta ar tháinig sé ar an eolas faoin gcaillteanas nó faoin damáiste. I gcás ina dtabharfaidh an duine a mbeidh teidlíocht aige fógra faoin tionóisc ó bhéal don iompróir, cuirfidh an t-iompróir admháil maidir leis an bhfógra sin ó bhéal ar fáil dó.

2. Ar a shon sin, ní mhúchfar an ceart caingne:

(a) i gcás inar dhírigh an duine a mbeidh teidlíocht aige éileamh chuig duine de na hiompróirí a shonraítear in Airteagal 55(1) laistigh den tréimhse dá bhforáiltear i mír 1;

(b) i gcás ina bhfuair an t-iompróir atá faoi dhliteanas amach ar dhóigh eile laistigh den tréimhse dá bhforáiltear i mír 1 eolas ar an tionóisc a tharla don phaisinéir;

(c) i gcás inar tugadh fógra faoin tionóisc, nó i gcás inar tugadh go déanach é, de dheasca imthosca nach inchurtha i leith an duine;

(d) má chruthaíonn an duine a mbeidh teidlíocht aige gur locht an iompróra ba chúis leis an tionóisc.

*Airteagal 59*

**Múchadh an chirt chun chaingne a eascraíonn as iompar bagáiste**

1. Le glacadh an bhagáiste ag an duine, múchfar gach ceart caingne in aghaidh an iompróra a eascraíonn as an gconradh iompair i gcás páirt-chaillteanais, damáiste nó moille ar sheachadadh.

2. Ar a shon sin, ní mhúchfar an ceart caingne:

(a) i gcás páirt-chaillteanais nó damáiste,

1.. i gcás inar fionnadh an caillteanas nó an damáiste i gcomhréir le hAirteagal 54 sular ghlac an duine a mbeidh teidlíocht aige leis an mbagáiste,

2. más de locht an iompróra amháin a fágadh ar lár an fionnadh ba ~~chóir~~ cheart a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 54;

(b) i gcás caillteanais nó damáiste nach léir agus a fionnadh tar éis don duine an bagáiste a ghlacadh,

1.. i gcás ina n-iarrfaidh an duine fionnadh i gcomhréir le hAirteagal 54 díreach tar éis dó an caillteanas nó an damáiste a bhrath agus tráth nach déanaí ná trí lá tar éis dó an bagáiste a ghlacadh, agus

2. ina theannta sin, i gcás ina gcruthóidh sé gur tharla an caillteanas nó an damáiste idir an t-am a thóg an t-iompróir an bagáiste idir lámha agus am an tseachadta;

(c) i gcás moille ar sheachadadh, má rinne an duine, a mbeidh teidlíocht aige laistigh de lá is fiche, a chearta a dhearbhú in aghaidh ~~duine~~ ceann de na hiompróirí a shonraítear in Airteagal 56(3);

(d) i gcás ina gcruthóidh an duine a mbeidh teidlíocht aige gur locht an iompróra ba chúis leis an gcaillteanas nó leis an damáiste.

*Airteagal 60*

**Caingne a theorannú**

1. Is é a bheidh sa tréimhse teorann le haghaidh caingne ⌦ maidir le damáistí ⌫ a bheidh bunaithe ar dhliteanas an iompróra i gcás báis phaisinéirí, nó i gcás ~~díobhála pearsanta~~ díobháil phearsanta dóibh:

(a) i gcás paisinéara, trí bliana ón lá tar éis na tionóisce;

(b) i gcás daoine eile, a mbeidh teidlíocht acu trí bliana ón lá tar éis don phaisinéir bás a fháil, faoi réir uasteorann cúig bliana ón lá tar éis na tionóisce.

2. Bliain amháin a bheidh sa tréimhse teorann le haghaidh caingne a eascróidh~~aíonn~~ as an gconradh iompair. Ar a shon sin, dhá bhliain a bheidh sa tréimhse teorann i gcás caingne maidir le caillteanas nó damáiste de dheasca gníomh nó neamhghníomh a rinne an t-iompróir le hintinn caillteanas nó damáiste den sórt sin a dhéanamh, nó go meargánta agus le fios gur dócha go mbeadh caillteanas nó damáiste den sórt sin mar thoradh air.

3. Beidh feidhm ag an tréimhse teorann dá bhforáiltear i mír 2 maidir le caingne:

(a) le haghaidh cúitimh ar chaillteanas iomlán, ón gceathrú lá déag tar éis don tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 22(3) dul in éag;

(b) le haghaidh cúitea~~i~~mh ar pháirt~~-~~chaillteanas, ar dhamáiste nó ar mhoill ar sheachadadh, ó lá an tseachadta;

(c) i ngach cás eile a bhaineann le hiompar paisinéirí, ón lá a rachaidh bailíocht an ticéid in éag.

Ní chuirfear an lá a shonraítear do theacht i bhfeidhm na tréimhse teorann ~~in~~ san áireamh sa tréimhse.

4. […]

5. […]

6. Seachas sin, beidh fionraí agus briseadh tréimhsí teorann faoi rialú ag an dlí náisiúnta.

TEIDEAL VII

## CAIDREAMH IDIR IOMPRÓIRÍ

*Airteagal 61*

### Cionroinnt an mhuirir ar iompar

1. Caithfidh aon iompróir a bhailigh muirear ar iompar nó ar chóir dó muirear ar iompar a bhailiú a sciartha faoi seach den mhuirear sin a íoc leis na hiompróirí lena mbaineann. Socrófar na modhanna íoctha le comhaontú idir na hiompróirí.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 6(3), Airteagal 16(3) agus Airteagal 25 ar an gcaidreamh idir iompróirí ~~comhleanúnacha~~ ⌦ leantacha ⌫.

*Airteagal 62*

### Ceart cúláraigh

1. Beidh ceart cúláraigh ag iompróir a d’íoc cúiteamh de bhun na Rialacha Comhionanna seo in aghaidh na n-iompróirí a bhí páirteach san iompar i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas:

(a) is é an t-iompróir ba chúis leis an gcaillteanas nó an damáiste, agus eisean amháin, a bheidh faoi dhliteanas ina leith;

(b) nuair is ~~líon~~ roinnt iompróirí is chúis leis an gcaillteanas nó leis an damáiste, beidh gach duine díobh faoi dhliteanas i leith an chaillteanais nó an damáiste a chúisigh sé; mura féidir idirdhealú den sórt sin a dhéanamh, déanfar méid an chúitimh a chionroinnt eatarthu i gcomhréir le pointe (c);

(c) mura féidir a chruthú cén t-iompróir is cúis leis an gcaillteanas nó leis an damáiste, déanfar méid an chúitimh a chionroinnt idir na hiompróirí go léir a bhí páirteach san iompar, seachas iad siúd a chruthóidh~~aíonn~~ nach iad ~~a chúisigh an caillteanas nó an damáiste;~~ ⌦ féin ba chúis leis an gcaillteanas nó leis an damáiste; ⌫ beidh an chionroinnt sin i gcomhréir lena sciartha faoi seach den mhuirear ar iompar.

2. I gcás duine de na hiompróirí a bheith dócmhainneach, déanfar an sciar a bheidh dlite de agus gan íoc aige a chionroinnt idir na hiompróirí eile a bhí páirteach san iompar i gcomhréir lena sciartha faoi seach den mhuirear ar iompar.

*Airteagal 63*

**An nós imeachta cúláraigh**

1. Ní fhéadfaidh an t-iompróir a ndéantar ceart cúláraigh a fheidhmiú ina choinne de bhun Airteagal 62 bailíocht na híocaíochta a rinne an t-iompróir a bheidh ag feidhmiú an chirt cúláraigh a dhíospóid nuair is cúirt nó binse a chinn an cúiteamh agus nuair a tugadh deis idiragartha sna himeachtaí don iompróir céadluaite a fuair fógra cuí i dtaobh na n-imeachtaí. Cinnfidh an chúirt nó an binse ar tugadh an phríomhchaingean os a comhair nó os a chomhair an t-am a cheadófar don fhógra sin faoi na himeachtaí agus don idiragairt sna himeachtaí.

2. Caithfidh iompróir a fheidhmeoidh a cheart cúláraigh a éileamh a thíolacadh ~~in aon imeachtaí amháin~~ ⌦ sna himeachtaí ceannann céanna ⌫ in aghaidh na n-iompróirí go léir nach bhfuil socrú déanta aige leo; dá uireasa sin, caillfidh sé a cheart cúláraigh i gcás na n-iompróirí siúd nach ndearna sé imeachtaí a thionscnamh ina gcoinne.

3. Tabharfaidh an chúirt nó an binse a cinneadh nó a chinneadh in aon bhreith amháin maidir leis na héilimh cúláraigh go léir a thugtar os a comhair nó os a chomhair.

4. Féadfaidh iompróir ar mian leis a cheart cúláraigh a fhorfheidhmiú a chaingean a thabhairt os comhair chúirt nó bhinse an Stáit ina bhfuil a phríomháit ghnó ag ceann de na hiompróirí a bhí páirteach san iompar, nó an brainse nó an ghníomhaireacht a thug an conradh iompair i gcrích.

5. I gcás ina dtabharfar caingean in aghaidh ~~líon~~ roinnt iompróirí, beidh an t-iompróir is gearánaí i dteideal an chúirt nó an binse a dtionscnóidh sé na himeachtaí os a comhair nó os a chomhair a roghnú as na cúirteanna agus na binsí a bheidh inniúil de bhun mhír 4.

6. Ní fhéadfar imeachtaí cúláraigh a cheangal le himeachtaí maidir le cúiteamh arna dtionscnamh ag an duine a mbeidh teidlíocht aige faoin gconradh iompair.

*Airteagal 64*

**Comhaontuithe a bhaineann le cúlárach**

Féadfaidh na hiompróirí comhaontuithe a chur i gcrích lena ndéantar maolú ar Airteagal 61 agus ar Airteagal 62.

---

🡻 1371/2007/CE Iarscríbhinn II (oiriúnaithe)
⇨ nua

IARSCRÍBHINN II

**ÍOSMHÉID FAISNÉISE LE CUR AR FÁIL AG GNÓTHAIS IARNRÓID AGUS~~/NÓ~~ DÍOLTÓIRÍ TICÉAD**

**Cuid I: Faisnéis roimh an turas**

– Coinníollacha ginearálta is infheidhme ar an gconradh

– Amchláir agus coinníollacha don turas is tapúla

– Amchláir agus coinníollacha do na táillí is ísle

– Inrochtaineacht, coinníollacha rochtana agus ~~áiseanna~~ ⌦ saoráidí ⌫ ar bord do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ⇨ i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar síos i dTreoir XXX ⇦

– ~~Inrochtaineacht agus c~~Coinníollacha rochtana do rothair

– Fáil ar shuíocháin i láthair chaite tobac agus láthair gan cead caite tobac, den chéad ghrád agus den dara grád, ~~couchettes~~.⌦ leapacha suíocháin ⌫ agus carráistí codlata

– Aon ghníomhaíochtaí ar dóigh dóibh seirbhísí a bhriseadh nó iad a mhoilliú

– Seirbhísí atá ar fáil ar bord

– Nósanna imeachta chun bagáiste caillte a éileamh ar ais

– Nósanna imeachta chun gearáin a ~~thíolacadh~~ ⌦ chur isteach ⌫

**Cuid II: Faisnéis le linn an turais**

– Seirbhísí ar bord

– An chéad stáisiún eile

– Moilleanna

– Príomhsheirbhísí naisc

– Ceisteanna slándála agus sábháilteachta.

↓ 1371/2007/CE Iarscríbhinn III (oiriúnaithe)

IARSCRÍBHINN III

**ÍOSCHAIGHDEÁIN CHÁILÍOCHTA SEIRBHÍSE**

~~Faisnéis agus ticéid~~

~~Poncúlacht seirbhísí, agus prionsabail ghinearálta chun déileáil le briseadh seirbhísí Cealuithe seirbhísí~~

~~Glaineacht an rothra agus áiseanna stáisiúin (cáilíocht an aeir sna carráistí, sláinteachas na n-áiseanna sláintíochta, etc.)~~

~~Suirbhé ar shásamh na gcustaiméirí~~

~~Láimhseáil gearán, aisíocaíochtaí agus cúiteamh as neamhchomhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta seirbhíse Cúnamh a sholáthrófar do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.~~

---

⇩ nua

**I. Ceanglais a bhaineann le gnóthais iarnróid**

Faoin 30 Meitheamh gach bliain, foilseoidh gnóthais iarnróid ar a suíomh gréasáin an tuarascáil ar cháilíocht sheirbhíse a bhaineann leis an mbliain ghnó roimhe sin agus cuirfidh siad chuig an gcomhlacht náisiúnta forfheidhmithe agus chuig Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh í lena foilsiú ar a suíomh gréasáin. Foilseoidh an gnóthas an tuarascáil ar a shuíomh gréasáin sna teangacha oifigiúla náisiúnta lena mbaineann agus, más féidir, i dteangacha eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear achoimre i mBéarla.

Beidh faisnéis faoin méid seo a leanas ar a laghad, sna tuarascálacha cáilíochta seirbhíse:

1) Poncúlacht seirbhísí, agus prionsabail ghinearálta na ndóigheanna a ndéileálann gnóthais iarnróid le briseadh seirbhísí

   (a) moilleanna

      (i) an mheánmhoill fhoriomlán ar sheirbhísí mar chéatadán de réir na catagóire seirbhíse (idirnáisiúnta, intíre fadachair, réigiúnach agus uirbeach/fo-uirbeach);

      (ii) an céatadán de sheirbhísí a raibh moill orthu tráth an imeachta;

      (iii) an céatadán de sheirbhísí a raibh moill orthu tráth an teachta:

      – an céatadán de mhoilleanna a bhí ní ba lú ná 60 nóiméad;

      – an céatadán de mhoilleanna a bhí idir 60 agus 119 nóiméad;

      – an céatadán de mhoilleanna a bhí 120 nóiméad ar fad nó níos faide;

   (b) cealuithe seirbhísí

cealú seirbhísí mar chéatadán de réir na catagóire seirbhíse (idirnáisiúnta, intíre fadachair, réigiúnach agus uirbeach/fo-uirbeach);

(c) cur i bhfeidhm an Rialacháin i dtaca le moilleanna agus cealuithe seirbhísí:

(i) líon na bpaisinéirí ar tugadh cúram agus cúnamh dóibh;

(ii) costas an chúraim agus an chúnaimh sin a tugadh;

(iii) líon na bpaisinéirí ar deonaíodh cúiteamh dóibh;

(iv) costas an chúitimh a deonaíodh;

(2) Suirbhé ar shástacht na gcustaiméirí

An tacar íosta catagóirí nach mór a chuimsiú:

(i) poncúlacht na dtraenacha;

(ii) faisnéis do phaisinéirí i gcás moille;

(iii) cruinneas na faisnéise agus fáil ar fhaisnéis ar na traenacha;

(iv) cáilíocht na cothabhála/an bhail atá ar na traenacha;

(v) an leibhéal slándála ar na traenacha;

(vi) glaineacht an taoibh istigh de na traenacha;

(vii) soláthar faisnéise fónta i rith an turais;

(viii) fáil ar leithris ar chaighdeán maith ar gach traein;

(ix) glaineacht agus cothabháil na stáisiún ar ardchaighdeán;

(x) inrochtaineacht na dtraenacha agus na saoráidí ar bord, lena n-áirítear leithris inrochtana;

(xi) líon na n-eachtraí agus cáilíocht an chúnaimh a tugadh go héifeachtach do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ar bord i gcomhréir le hAirteagal 24, gan beann ar réamhfhógra maidir le hiarratas ar chúnamh.

(3) Láimhseáil gearán

(i) líon na ngearán agus na torthaí;

(ii) catagóirí na ngearán;

(iii) líon na ngearán a próiseáladh;

(iv) meán-am freagartha;

(v) feabhsuithe d'fheadfaí a dhéanamh, gníomhaíochtaí a rinneadh.

(4) Cúnamh a tugadh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe

líon na gcásanna inar tugadh cúnamh mar chéatadán de réir na catagóire seirbhíse (idirnáisiúnta, intíre fadachair, réigiúnach agus uirbeach/fo-uirbeach).

(5) Briseadh seirbhísí

go bhfuil pleananna teagmhais agus pleananna géarchéime ann, agus tuairisc ghearr orthu.

## II. Ceanglais a bhaineann le bainisteoirí stáisiúin agus le bainisteoirí bonneagair

Beidh faisnéis faoin méid seo a leanas ar a laghad, sna tuarascálacha cáilíochta seirbhíse:

(1) Faisnéis agus ticéid

- (i) nós imeachta chun déileáil le hiarrataí faisnéise ag an stáisiún;
- (ii) nós imeachta agus modh chun faisnéis a sholáthar maidir le sceidil, taraifí agus ardáin; cáilíocht na faisnéise sin;
- (iii) faisnéis a chur ar taispeáint maidir le cearta agus oibleagáidí faoin Rialachán agus maidir le sonraí teagmhála na gcomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe;
- (iv) saoráidí ceannaithe ticéad;
- (v) baill foirne a bheith ar fáil ag an stáisiún chun faisnéis a thabhairt agus ticéid a dhíol;
- (vi) soláthar faisnéise do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe;

(2) Prionsabail ghinearálta chun déileáil le briseadh seirbhíse

- (i) líon na bpaisinéirí ar tugadh cúram agus cúnamh dóibh;
- (ii) costas an chúraim agus an chúnaimh sin a tugadh;

(3) Tuairisc ar na bearta atá i bhfeidhm chun glaineacht shaoráidí an stáisiúin a áirithiú (leithris, etc.)

- (i) tráthanna glantacháin;
- (ii) fáil ar na leithris;

(4) Suirbhé ar shástacht na gcustaiméirí

An tacar íosta catagóirí nach mór a chuimsiú:

- (i) faisnéis do phaisinéirí i gcás moille;
- (ii) cruinneas, infhaighteacht agus inrochtaineacht na faisnéise maidir le hamanna/ardáin na dtraenacha;
- (iii) an leibhéal slándála sa stáisiún;
- (iv) an t-am a thóg sé iarrataí faisnéise ag an stáisiún a fhreagairt;
- (v) leithris ar chaighdeán maith a bheith ar fáil sa stáisiún (lena n-áirítear inrochtaineacht na leithreas);
- (vi) glaineacht agus cothabháil na stáisiún;
- (vii) inrochtaineacht an stáisiúin agus shaoráidí an stáisiúin.
- (viii) líon na n-eachtraí agus cáilíocht an chúnaimh a tugadh ag an stáisiún do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

⇩ nua

IARSCRÍBHINN IV

**AN NÓS IMEACHTA LÁIMHSEÁLA GEARÁN DO CHOMHLACHTAÍ NÁISIÚNTA FORFHEIDHMITHE**

I gcásanna casta amhail cásanna lena mbaineann éilimh iomadúla nó roinnt oibreoirí éagsúla, taisteal trasteorann nó tionóiscí ar chríoch Ballstáit nach é an Ballstát a dheonaigh ceadúnas an ghnóthais é, go háirithe i gcás nach léir cén comhlacht náisiúnta forfheidhmithe atá inniúil, nó i gcás ina n-éascófaí nó ina luathófaí réiteach an ghearáin amhlaidh, comhoibreoidh comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe chun comhlacht 'ceannais' a shannadh, a bheidh ina phointe aonair teagmhála do na paisinéirí. Comhoibreoidh na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe uile lena mbaineann chun réiteach an ghearáin a éascú (lena n-áirítear trí fhaisnéis a chomhroinnt, trí chúnamh le haistriú doiciméad a thabhairt agus trí fhaisnéis faoi imthosca na n-eachtraí a thabhairt). Cuirfear in iúl do na paisinéirí cén comhlacht atá ag feidhmiú mar chomhlacht 'ceannais'.

⇩ nua

IARSCRÍBHINN V

**TÁBLA COMHGHAOIL**

| Rialachán (CE) Uimh 1371/2007 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 1(a) | Airteagal 1(a) |
| Airteagal 1(b) | Airteagal 1(b) |
| ---- | Airteagal 1(c) |
| Airteagal 1(c) | Airteagal 1(d) |
| ---- | Airteagal 1(e) |
| Airteagal 1(d) | Airteagal 1(f) |
| Airteagal 1(e) | Airteagal 1(g) |
| ---- | Airteagal 1(h) |
| Airteagal 1(f) | Airteagal 1(i) |
| Airteagal 2 | Airteagal 2 |
| Airteagal 2 (1) | Airteagal 2 (1) |
| Airteagal 2 (2) | ---- |
| Airteagal 2 (3) | ---- |
| Airteagal 2 (4) | ---- |
| Airteagal 2 (5) | ---- |
| Airteagal 2 (6) | ---- |
| Airteagal 2 (7) | ---- |
| ---- | Airteagal 2 (2) |
| ---- | Airteagal 2 (3) |
| Airteagal 3 | Airteagal 3 |
| Airteagal 3 (1) | Airteagal 3 (1) |

| | |
|---|---|
| Airteagal 3 (2), (3) | ---- |
| Airteagal 3 (4) | Airteagal 3 (2) |
| Airteagal 3 (5) | Airteagal 3 (3) |
| Airteagal 3 (6) | Airteagal 3 (4) |
| Airteagal 3 (7) | Airteagal 3 (5) |
| Airteagal 3 (8) | Airteagal 3 (6) |
| Airteagal 3 (9) | Airteagal 3 (7) |
| Airteagal 3 (10) | Airteagal 3 (8) |
| ---- | Airteagal 3 (9) |
| ---- | Airteagal 3 (10) |
| Airteagal 3 (11) | Airteagal 3 (11) |
| ---- | Airteagal 3 (12) |
| Airteagal 3 (12) | Airteagal 3 (13) |
| Airteagal 3 (13) | Airteagal 3 (14) |
| Airteagal 3 (14) | ---- |
| Airteagal 3 (15) | Airteagal 3 (16) |
| Airteagal 3 (16) | Airteagal 3 (17) |
| Airteagal 3 (17) | Airteagal 3 (18) |
| ---- | Airteagal 3 (19) |
| Airteagal 4 | Airteagal 4 |
| ---- | Airteagal 5 |
| Airteagal 5 | Airteagal 6 |
| Airteagal 6 | Airteagal 7 |
| Airteagal 7 | Airteagal 8 |
| Airteagal 8 | Airteagal 9 |
| ---- | Airteagal 9 (4) |
| Airteagal 9 | Airteagal 10 |

| | |
| --- | --- |
| Airteagal 9 (3) | ---- |
| ---- | Airteagal 10 (5), (6) |
| Airteagal 10 | ---- |
| Airteagal 11 | Airteagal 11 |
| Airteagal 12 | Airteagal 12 |
| Airteagal 12 (2) | ---- |
| Airteagal 13 | Airteagal 13 |
| Airteagal 14 | Airteagal 14 |
| Airteagal 15 | Airteagal 15 |
| Airteagal 16 | Airteagal 16 |
| ---- | Airteagal 16 (2), (3) |
| Airteagal 17 | Airteagal 17 |
| ---- | Airteagal 17 (8) |
| Airteagal 18 | Airteagal 18 |
| ---- | Airteagal 18 (6) |
| ---- | Airteagal 19 |
| Airteagal 19 | Airteagal 20 |
| Airteagal 20 | Airteagal 21 |
| Airteagal 21 (1) | ---- |
| Airteagal 21 (2) | Airteagal 22 (2) agus Airteagal 23 (2) |
| Airteagal 22 | Airteagal 22 |
| Airteagal 22 (2) | ---- |
| ---- | Airteagal 22 (4) |
| Airteagal 23 | Airteagal 23 |
| ---- | Airteagal 23 (4) |
| Airteagal 24 | Airteagal 24 |
| Airteagal 25 | Airteagal 25 (1), (2), (3) |

| | |
|---|---|
| ---- | Airteagal 26 |
| Airteagal 26 | Airteagal 27 |
| Airteagal 27 | Airteagal 28 |
| ---- | Airteagal 28 (3) |
| Airteagal 27 (3) | Airteagal 28 (4) |
| Airteagal 28 | Airteagal 29 |
| Airteagal 29 | Airteagal 30 |
| Airteagal 30 | Airteagal 31 |
| ---- | Airteagal 32, 33 |
| Airteagal 31 | Airteagal 34 |
| ---- | Airteagal 34 (1), (3) |
| Airteagal 32 | Airteagal 35 |
| Airteagal 33 | ---- |
| Airteagal 34 | Airteagal 36 |
| Airteagal 35 | ---- |
| ---- | Airteagal 37 |
| Airteagal 36 | Airteagal 38 |
| ---- | Airteagal 39 |
| Airteagal 37 | Airteagal 40 |
| Iarscríbhinn I | Iarscríbhinn I |
| Iarscríbhinn II | Iarscríbhinn II |
| Iarscríbhinn III | Iarscríbhinn III |
| ---- | Iarscríbhinn IV go V |